# AR CHUALA TÚ?

## An Seimeastar Gaeltachta

Bhí ríméad ar fhoireann Pleanála Teanga Chonamara Láir cur i láthair a chur os comhair na mic léinn atá ag freastal ar an Seimeastar Gaeltacha faoi láthair in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Carna. Bhí deis ag an bhfoireann labhairt leis na mic léinn ina dhiaidh agus plé a dhéanamh faoi Phleanáil Teanga Chonamara Láir. Guíonn muid gach ádh ar na scoláirí lena gcuid staidéar.

***************************

Is múnla nua den ollscolaíocht é an Seimeastar Gaeltachta atá ag freastal ar riachtanais na mac léinn agus ag cothú na Gaeltachta ag an am céanna. Tugann an Seimeastar Gaeltachta seans do mhic léinn barr feabhais a chur ar labhairt na teanga, agus tuiscint a fháil ar oidhreacht agus ar dhúchas na Gaeltachta ar feadh an 12 sheachtain a chaitheann siad sa cheantar.



Ar an 10ú de Mheán Fómhair, chuir breis is dhá scór mac léinn tús lena dtréimhsí seimeastair Gaeltachta linne san Acadamh anseo i gCarna. Cuireadh clár cuimsitheach acadúil agus cultúrtha ar fáil do na mic léinn le réimse leathan imeachtaí le linn an tSeimeastair m.sh. aclaíocht, cócaireacht, ranganna damhsa, seisiúin cheoil, cadhcáil, turais ar Oileáin Árann, Baile na hInse, Mainistir na Coille Móire, an Caolaire Rua chomh maith le siúlóidí thart ar cheantar Charna.

Tá buíochas mór ag dul do na mná agus fir tí a thug aire na huibhe do na mic léinn a bhí faoina gcúram le linn an tSeimeastair. Is cinnte go ndeachaigh na teaghlaigh i bhfeidhm go mór ar na mic léinn rud a chuir leis an dea-eispéaras a bhí acu agus a chuaigh i gcion orthu.

Máire Bríd Breathnach
Riarthóir Ionad Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Carna

# Mo thuairim faoin Seimeastar Gaeltachta i gCarna:

## Ainm: Emma Rose Keane

### 1. Céard a thaitníonn leat faoin Seimeastar?

Gan amhras tá an oiread sin gnéithe den seimeastar seo a thaitin go mór mór liom, ní fhéadfainn aon rud amháin a lua. Ní strainséar mé sa Ghaeltacht, táim tar éis chuile shamhradh a chaitheamh ansin ó bhí mé sé bliana déag d'aois. Ach caithfidh mé a rá go raibh faitíos orm freastal ar an gcúrsa seo go háirithe tar éis na paindéime. Tháinig críoch thobann le mo chéad bhliain san ollscoil de bharr COVID-19 agus dar ndóigh bhí an dara bliain uilig ar siúl ar líne. Mar sin bhí mé ag filleadh ar an gcúrsa seo gan bheith san ollscoil ó 2019 agus gan aithne agam fiú ar dhuine amháin. Ach anois is beagnach naoi seachtaine críochnaithe agam, tá a fhios agam nach ndéanfaidh mé dearmad ar an taithí seo go deo. Dar ndóigh thaitin na ranganna suimiúla liom ag foghlaim faoi stair agus cultúr na Gaeltachta agus ag cur snas ar mo chuid Gaeilge. Ach an rud is tábhachtaí faoin gcúrsa seo dar liom ná na daoine ar chas mé leo. Tá cairde agam ón gcúrsa seo a bheidh agam go deo agus is deacair an rud é a chreidiúint nach raibh aithne agam orthu níos lú ná trí mhí ó shin.

### 2. Céard a chiallaíonn an Ghaeilge dom?

Is mé ag fás aníos, is mór an bhéim a bhí curtha ar an nGaeilge i mo theachsa. Níorbh as ceantar Gaeltachta iad mo mhuintir, i ndáiríre ní raibh Gaeilge fiú ag éinne sa bhaile, ach bhí meas ag mo thuismitheoirí uirthi agus thuig siad an tábhacht a bhí ag baint léi. Mar sin, cuireadh béim uirthi i gcónaí agus cuireadh chuig Gaelscoil áitiúil mé agus san am sin ní raibh sé ach díreach tar éis tosú agus líon fíorbheag daltaí ag freastal uirthi.

Thuig mé ó bhí mé óg an tábhacht a bhí ag baint leis an nGaeilge agus rinne mé gach iarracht chun í a chur chun cinn i mo bhealach féin. Fásann an díograis agus an paisean sin lá i ndiaidh lae ionam agus domsa go pearsanta mothaímse gur pribhléid agus freagracht amach is amach é an Ghaeilge a labhairt agus a bheith páirteach in í a chur chun cinn. Is de bharr na Gaeilge atá deiseanna áirithe faighte agam i mo shaol agus táim an-bhuíoch aisti. Ní bheinn mar an duine céanna gan í.

### 3. An Phleanáil Teanga

Tuigeann gach mac máthar is iníon athar go bhfuil ról lárnach ag an bPleanáil Teanga don Ghaeilge agus céard atá i ndán di. Tá an t-ádh linne i mbliana foghlaim faoin bPleanáil Teanga is muid anseo i gCarna. Táimid ag tabhairt faoi mhodúl dar teideal 'Pobal na Gaeltachta' a thugann léargas suntasach dúinn ar neart ábhar ach go háirithe cúrsaí Pleanála Teanga. Chaith muid súil ar an bpróiséas taobh thiar de agus na haidhmeanna agus cuspóirí atá ag baint leis. Bhí an deis againn freisin casadh le Foireann Pleanála Teanga le haghaidh Chonamara Láir - Anne Uí Dhonnacha agus Úna Bhreathnach agus mhínigh síad na hiarrachtaí atá faoi bhun acu ina limistéar d'fhonn an Ghaeilge a neartú. Caithfidh mé a rá gur bhain mé an-suim as an gcuairt agus thug sé léargas dom freisin faoi na deiseanna atá sa saol le haghaidh gairm sa Ghaeilge a bhaint amach.

### 4. Cé mar atá tú ag caitheamh an saol i gConamara Láir?

Déarfainn go bhfuil sé éasca ag an té nach bhfuil ag tabhairt faoin seimeastar seo, a rá nach bhfuil mórán le déanamh thiar anseo i gCarna ach bheadh siad go huile is go hiomlán mícheart. Táimid tar éis titim isteach go compordach leis an bpobal anseo i gCarna. Is minic a bhímid bailithe sa teach tabhairne áitiúil 'Tigh Mheaic' le haghaidh oíche cheoil, oíche shóisialta nó cluiche púil fiú. Is geall le duine den teaghlach anseo muid.

Ach anuas air sin, táimid tar éis freastal ar neart imeachtaí agus cuairt a thabhairt ar neart ionad timpeall an cheantair – Ionad an Phiarsaigh, Ionad Cuimhneachán na nImirceach, an Caoláire Rua, Mainistir na Coille Móire agus Oileáin Árann ina measc. Táimid tar éis seimeastar den chéad scoth a bheith againn anseo i gConamara Láir agus cinnte siúráilte nach ndéanfaidh duine ar bith dearmad air go deo.

## Mo thuairim faoin Seimeastar Gaeltachta i gCarna:

### Ainm: Seán Ó Driscoll

**1. Céard a thaitníonn liom faoin Seimeastar?**

Caithfidh mé a rá níl mórán nach dtaitníonn liom faoin seimeastar seo sa Ghaeltacht. Ar an gcéad dul síos, is breá liom go bhfuil deis cheart agam mo chuid Gaeilge a úsáid agus feabhas a chur uirthi. Tá an seans agam anseo mo chuid siopadóireachta a dhéanamh, oícheanta amuigh a chaitheamh agus gach rud a bhaineann leis an ngnáthshaol laethúil a dhéanamh trí Ghaeilge. Is rud é sin nár shamhlaigh mé riamh go mbeinn in ann a dhéanamh. Chomh maith leis sin, bhain mé triail as rudaí nach raibh déanta agam riamh. Mar shampla, an damhsa seit (cé nach raibh mé go maith aige ar chor ar bith!!! Fós, bhain mé an-taitneamh as).

**2. Céard a chiallaíonn an Ghaeilge dom?**

Níor tógadh mé le Gaeilge ach d'fhreastail mé ar bhunscoil agus ar mheánscoil lán-Ghaeilge. Mar sin, bhí an Ghaeilge lárnach i mo shaol. Bhí a fhios agam i gcónaí go raibh mé ag iarraidh rud éigin a dhéanamh amach anseo leis an Ghaeilge, mar sin bheartaigh mé mo chéim a dhéanamh sa Ghaeilge. Is rud uathúil í an Ghaeilge a bhaineann leis an tír seo amháin agus tá sí fite fuaite leis an gcultúr atá againn anseo. Tá an traidisiún saibhir amhránaíochta, ceoil, litríochta agus seanchais ag baint léi. Gan í, bheadh folús ionainn ar fad nach mbeadh muid in ann a líonadh riamh.

**3. An Phleanáil Teanga**

Ceapaim gur rud iontach agus riachtanach í an phleanáil teanga. Faraor, tá an Ghaeilge agus na ceantair Ghaeltachta i mbaol faoi láthair agus caithfidh muid gach iarracht a dhéanamh an Ghaeilge a athneartú arís. Chomh maith leis sin, creidim go gcaithfear an próiseas a leathnú amach ar fud na tíre. Tá go leor daoine ann atá paiseanta faoin nGaeilge ach a cheapann go bhfuil siad leo féin. Caithfear iad a nascadh le chéile chun pobail Ghaeilge a chothú ar fud na hÉireann.

**4. Cé mar atá mé ag caitheamh an saol i gConamara Láir**

Ar dtús báire bíonn mé ag tapú gach deis a bhíonn agam eachtraíocht a dhéanamh thart timpeall ar an áit álainn seo. Fuair muid an deis siúlóidí a dhéanamh in áiteanna ar nós Lúibín Mhaírois agus Baile na hInse agus bhí na radharcanna dochreidte iontu. Tá an t-ádh orm go bhfuil mé ag fanacht gar don Trá Bhuí, áit álainn, chiúin agus bíonn mé ag snámh ann go minic. Faoi dheireadh, bíonn mé ag baint triail as rudaí nua m.sh. an damhsa seit agus bíonn mé ag tapú gach deis a bhíonn agam mo chuid Gaeilge a úsáid!





# Sagart ar Scoir

Faoin am seo tá cúpla mí caite agam ar scor ó mo chuid oibre mar shagart pobail i gCarna agus Cill Chiaráin a d'fhág mé i mo dhiaidh ag tús Dheiridh Fómhair. Bhí an briseadh sin ag teastáil go géir uaim agus áthas an domhain orm go raibh an tAthair Shane Ó Súilleabháin tagtha i m'áit.

Bhí deis agam scíth a ligean agus aire níos fearr a thabhairt do chúrsaí sláinte nach mbíonn chomh maith sin nuair atá duine ag dul in aois. Cé go raibh mé as baile an cuid is mó den am ó shin, táim buioch do na dochtúirí, altraí agus cúramóirí i gCarna agus Cill Chiaráin a shocraigh biopsy agus booster dom le linn an ama sin le mé a choinneáil beo tamall eile, le cúnamh Dé. Tá súil agam a bheith ag filleadh go páirtaimseartha i ndiaidh na Nollag nuair a bhéas an córas teasa i dteach an tsagairt i gCill Chiaráin faoi lán tseoil arís.

Níor mhaith liom a bheith dímhaoin rófhada, agus d'ardaigh mo chroí nuair a fuair mé scéal ó Chló Iar-Chonnacht sa Spidéal go mbeidh úrscéal a raibh mé ag obair air le cúpla bliain le foilsiú. Leis an gcoróin víreas agus eile ní raibh a fhios agam an mbeadh an scéal sin ag teacht ar an saol go deo. Thug an dianghlasáil deis dom leagan Bhéarla den scéal a réiteach freisin, agus tá súil agam go bhfeicfidh sé sin solas an lae amach anseo. Scéal faoin timpeallacht den chuid is mó atá sa scéal seo, sach tráthúil, dearfainn chomh luath sin tar éis COP26 i nGlascú. "Stop an tSúnamaí" atá mar theideal air agus is faoin mbaol atá i bhfad ó bhaile d'Oileáin ar nós na Maldives, agus talamh íseal chuile áit atá sé. Ní inniu nó inné a tháinig maidhmeanna móra i dtír sa taobh seo tíre. Tar éis crith talúin i Liospóin i 1750 leag maidhm cuid den Phóirse Chaoch i nGaillimh agus céad bliain níos deireanaí bádh cúig déag in Inis Mór Árainn a bhí ag iascach ó na hAilltreacha ar Lá Fhéil Mhuire an Fhómhair.

Ní ag iarraidh daoine a scanradh atá a leithéid seo á scriobh agam, ach mar chuid de thradisiúin na bhfáithe sa mBiobla daoine a chuir a muintir ar an eolas ar chontúirtí atá amach rompú nó a d'fheadfadh tarlú amach anseo. Ag teacht don Nollaig feiceann muid fáideoireacht mar rudaí a bhaineann le Íosa ag teacht ar an saol, ach bhí rudaí eile i gceist freisin an t-am sin, ar nós fáideoireacht an lae inniu faoi chéard atá le tarlú don domhain agus don duine muna dtugann muid aire dúinn féin.

B'fhéidir go bhfuil mé imithe ón altóir, ach tá mo pheann ag béiceach i gcónaí.

Pádraig Standún

*******************

***Ba mhaith le foireann Chonamara Láir buíochas a ghlacadh le Pádraig as ucht gach cúnamh agus tacaíocht a thug sé dúinn tríd na blianta. Guímid gach ádh air.***

# Cúinne na nÓg

**Seo leanas dánta le filí óga Choláiste na bPiarsach.**

### Báidín

Adhmad ar chlé
Adhmad ar dheis
Báidín beag adhmaid, tá sé an-deas
Ag marcáil amach
Ag gearradh an adhmaid
Sin é an fáth gurb é an t-ábhar is fearr liom

Níl séimhíní beaga ag titim ar an talamh
Ní fhágfaidh tú an seomra adhmadóireachta le do lámha folamh
Baineann tú sult as, foghlaimíonn tú go leor
Agus an múinteoir, tá sé chomh cóir!

Le Beathla Breathnach Maxwell

### Seas le Chéile

Glaonn siad paindéim air
Níos measa ná WW11
Galar, víreas, ach níl a fhios ag aon duine

Ach nuair a tháinig sé i dtír
Ní raibh an dara rogha ag ár n-oiléan beag
Ach dul i mbun cogaidh

Ní hiad an t-arm atá á sábháilt
Ach na dochtúirí agus na haltraí
Mar sin, deirimid
Go raibh míle agaibh

Le Liam Ó Mainín



**Daltaí na Céad Bliana i gColáiste na bPiarsach**

### An Víreas

I ndorchadas na hoíche a tháinig sé
Gan aon leide, gan aon chomhartha
É chomh ciúin leis an uaigh
'Gus chomh scioptha le sionnach
Nach beag a bhí a fhios, faoin ollphéist seo!
É chomh dubh le pic
'Gus chomh holc leis an diabhal!
Le fiacla móra mílteacha agus crúba chomh mór le crann úll
Mhil sé saolta agus thóg sé a n-anamacha
Dúnadh na bialanna, na siopaí 'gus na bearbóirí
Ach ní thógfaidh sé ár spiorad, ár n-áthas ná ár ngrá
Fan sábháilte

Le Molly Ní Chaonaigh

# Camchuairt Chonamara Láir

**Bhí áthas ar Fhorbairt Chonamara Láir Teo., Pleanáil Teanga Chonamara Láir & Oifigeach Forbartha Tionscnaimh Údarás na Gaeltachta fáilte a chur roimh Chathaoirleach CAITN, Dominic Ó Móráin, & Bainisteoir Foirne, Gaeltacht & na hOileáin/ Slí an Atlantaigh Fhiáin le Fáilte Ireland, Daithí Gallagher, go Conamara Láir le linn na seachtaine.**
**Deis iontach ab ea é seo chun sócmhainní turasóireachta Chonamara Láir a thaispeáint. Is ceantar sár-áilleachta, suaimhneach agus uathúil í Conamara Láir, ceantar ina bhfuil cultúr bheo na Gaeltachta fós an-láidir. Phléamar na deiseanna féideartha, na tairbhí agus, ar ndóigh, na deacrachtaí atá ann an cheantar a fhorbairt a thuilleadh maidir le bonneagar ceart a chur ar fáil chun fostaíocht a chinntiú sa cheantar i rith na bliana, agus an timpeallacht á chosaint agus á urramú ag an am céanna.**
**Trí comhoibriú leis na páirtithe leasmhara, ba mhaith le Forbairt Chonamara Teo., díriú ar líon na dturasóirí i gConamara Láir a mhéadú ar bhealach inbhuanaithe trí shéasúr na turasóireachta a leathnú. Is é an dúshlán is mó atá romhainn ná díriú ar na cuspóirí éagsúla atá leagtha amach i bPlean Turais Cuairteoirí Chonamara & Oileáin Árann agus maoiniú a dheimhniú chun eispéaras uathúil a fhorbairt do chuairteoirí a thagann go Conamara Láir.**
**Tá súil againn oibriú go dlúth le CAITN agus leis na páirtithe leasmhara go léir chun na haidhmeanna is féidir a bhaint amach I dtionscal na turasóireachta.**
**Ba mhaith linn an deis seo a thapú chun buíochas a ghlacadh le gach duine, gnó agus coiste turasóireachta atá ag feidhmiú san earnáil turasóireachta i gceantar Chonamara Láir.**

# Fógra maidir le Páirc Chill Chiaráin

Ag tosnú an mhí seo, beidh Páirc Chill Chiaráin oscailte gach Céadaoin idir 7.00-8:30pm chun áit shábhailte faoi shoilse a chur ar fáil don phobal chun aclaíocht a dhéanamh amuigh faoin aer le linn na hoícheanta dhorcha. Má bhíonn an t'éileamh ann osclófar an pháirc oícheanta bhreise. Iarrtar ar dhaoine a bheith airdeallach ar shrianta Covid ar an oíche. Síntúis ag an ngeata i gcomhair tógáil na seomraí feistis. Tá an oíche seo eagraithe ag Coiste Páirce Chill Chiaráin & Pleanáil Teanga Chonamara Láir



# Maratón na bPáistí 2021



Cuireadh tús le Maratón na bPáistí ar an 20ú Meán Fómhair. Le linn na tréimhse sin, chuaigh na gasúir amach sa gclós scoile agus rith siad rúinín níos mó gach seachtain go dtí go raibh Maratón iomlán, 42KM rite acu. Ghlac cheithre scoil i limistéar Pleanála Teanga Chonamara Láir páirt sa mharatón agus ba mhaith linn buíochas a ghlacadh agus comhghairdeas a dhéanamh leo ar fad. Seo pictiúr a seoladh chugainn ó Scoil na hAirde Thiar agus na daltaí ag taispeáint a gcuid t-léinte agus boinn go bródúil.

## Fógra

Beidh Cruinniú Chinn Bhliana Coiste Peil na nÓg Cárna Caiseal-Na Piarsaigh ag tarlú ar 8ú Nollaig in Ionad Pobail Chill Chiaráin ag 8 i.n.
Baineann seo le foirne f/12/13/14/15/16 do 2022.
Tá fáilte roimh thuismitheoirí agus aon duine ar spéis leo cúrsaí peile faoi aois sa gceantar.
***Cloífear le treoirlínte COVID-19 ag an gcruinniú.**

## Cliabhán Cultúrtha

*Buíochas mór ó chroí le Blaithín Ní Mhainín a sheol físeán bhreá agus í ag déanamh damhsa Gaelach ina bhaile féin i gCill Bhriocáin, Rosmuc do shraith Cliabhán Cultúrtha na míosa seo. Arís, ba mhaith linn cuireadh agus fáilte a thabhairt do aon dhuine/grúpa a bheadh suim acu físeán a chur inár dtreó.*



## Fógra:

Bhí sé ar na bocáin againn ócáid a reáchtáil chun buíochas a ghlacadh le rannpháirtithe Cliabhán Cultúrtha Chonamara Láir agus chun a chéad bhliain a cheiliúradh ar an 9ú Nollaig. Faraor, de bharr chúinsí COVID-19 agus sábháilteacht an phobail, tá an cinneadh déanta é a chur ar ceal.
Ach, é sin ráite, tá súil againn an ócáid a chur i láthair ar líne don phobal. Beidh breis eolais faoi seo ag dul amach go luath- bígí ag fáire amach!



## Comórtas Grianghrafadóireachta

Comghairdeas mór le buaiteoir na míosa seo- Colm Welby as Camus.
Ba é an téama ná 'Oícheanta Fada an Gheimhridh'.
Míle buíochas le gach duine a sheol grianghraif chugainn.
Is é Seán Lydon, grianghrafadóir gairimiúil ó Mhaigh Cuilinn, atá ag déanamh moltóireacht ar an gcomórtas grianghrafadóireachta.
Seolaigí chugainn bhur bpictiúir chun do sheans 'Hoodie' Pleanáil Teanga Chonamara Láir a bhuachan.
Fógrófar an téama go luath ar na meáin shóisialta

## Logainm na Míosa

Glinnsce:

Ciallaíonn sé 'Gleann Uisce'

## Seanfhocal na Míosa:

Seacht seachtaine ramhra ó Shamhain go Nollaig.

**Bí i dteagmháil linn!**


opt@conamaralair.ie
ocpt@conamaralair.ie


**Meáin Shóisialta**

Conamara Láir    conamaralair
@ConamaraLair

'Ár dTeanga- Labhair í 's Bí Bródúil!'


Fógra Séanta: Ní ghlacann Forbairt Chonamara Láir Teo./ Pleanáil Teanga Chonamara Láir freagracht as aon ábhar ó tríú pháirtí atá curtha i gcló ar an nuachtlitir seo.